Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin, Meitheamh 11** **Tráthnóna, 2.00 – 4.30**

**Treoracha**

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa: 1000AD – go dtí an Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo.***

# ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Tháinig athrú ar dhearadh agus ar mhaisiú earraí miotail agus ar shnoíodóireacht chloiche san Iarannaois in Éirinn. Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do shampla de shaothar miotalóireachta ainmnithe amháin agus do shaothar snoíodóireachta ainmnithe amháin de chuid na tréimhse.
**agus**
Pléigh go hachomair tionchar stíl La Tène ar an ealaín Éireannach go déanach sa tréimhse luath-Chríostaí
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**2.** Déan cur síos agus plé ar fhorbairt na gcros cloiche in Éirinn ó Leac Fhathain Mhura i gCo. Dhún na nGall go dtí Ardchros Dhíseart Ó Deá i gCo. an Chláir. Tabhair trí shampla shainiúla ar a laghad agus déan tagairt i do fhreagra don fhoirm, don íomháineachas /mhaisiúchán, do theicníochtaí a ghabhann le hoibriú cloiche agus don fheidhm.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**3.** Ainmnigh an dá lámhdhéantúsán ón 7ú agus ón 8ú haois atá ***léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo,*** déan cur síos orthu agus pléigh go mion iad. Déan tagairt i do fhreagra do na hábhair a úsáideadh, don mhaisiúchán, don fhoirm agus don fheidhm.
**agus**
Mínigh go hachomair na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a dhéanamh.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**4.** Déan cur síos agus plé ar stíl Rómhánúil na hailtireachta in Éirinn agus tú ag tagairt do thiompán nó do dhoras ainmnithe.
**agus**
Ainmnigh agus pléigh go hachomair sampla amháin eile de dhoras maisithe ó shéipéal Rómhánúil Éireannach ar bith eile.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**5.** Sampla é Teach Russborough, Co. Chill Mhantáin, ***atá léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo***, d'ailtireacht de chuid an ochtú haois déag.
Ainmnigh ailtire an fhoirgnimh seo agus déan cur síos agus plé ar stíl agus ar ghnéithe ailtireachta an fhoirgnimh féin.
**agus**
Déan comparáid achomair idir é agus foirgneamh Seoirseach ainmnithe amháin eile.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**6.** Gnéithe de shaothar Walter Osborne (1859-1903) iad radhairc chiúine a léiríonn suaimhneas an teaghlaigh.
Pléigh an ráiteas seo maidir leis an bpictiúr ***atá léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo***, agus tú ag tagairt don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus don dath.
**agus**
Ainmnigh agus pléigh go hachomair pictiúr amháin eile le Walter Osborne.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

*7.* Pléigh an saothar *Homage to Bernadette Greevy* le Robert Ballagh (1943- )***, atá léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo.*** Déan tagairt d'ábhar an tsaothair, don chomhdhéanamh, don stíl agus do na hábhair a úsáideadh.
**agus**
Pléigh go hachomair saothar Robert Ballagh.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

## ROINN II – Ealaín na hEorpa (1000 AD go dtí an Lá Inniu)

**8.** I rith na ré Gotaí san Eoraip tháinig forbairt shuntasach ar réimse agus ar stíl na dealbhóireachta a bhain le cúrsaí reiligiúin.
Pléigh an ráiteas seo maidir le dhá shampla ainmnithe de chuid na dealbhóireachta Gotaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu. Cuir béim ar láimhseáil na fíorach daonna i do fhreagra.
**agus**
Ainmnigh séipéal Gotach a bhfuil staidéar déanta agat air agus pléigh go hachomair an gaol atá idir an ailtireacht agus an dealbhóireacht ann.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**9.** Pléigh agus déan comparáid idir *Madonna in Maestà* (An Madonna sa chathaoir ríoga i dteannta Aingeal agus Fáithe) le Cimabue (1240-1302) agus *Críost á thabhairt anuas den Chros* le Giotto (1267-1337), ***atá léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo.*** Déan tagairt don stíl, don chomhdhéanamh, don ábhar agus don tréimhse ina ndearnadh iad.
**agus**
Ainmnigh agus pléigh go hachomair saothar amháin de chuid na stíle Idirnáisiúnta Gotaí.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**10.** Déan cur síos agus plé ar shaol agus ar shaothar Sandro Botticelli (1444-1510), agus tú ag tagairt do dhá phictiúr fháthchiallacha ainmnithe dá chuid.
**agus**
Déan cur síos mion ar an siombalachas i gceann amháin dá shaothair.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**11.** Ainmnigh an píosa dealbhóireachta ***atá léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo***, déan cur síos air agus déan é a phlé agus tú ag tagairt don ealaíontóir, don téama, don chomhdhéanamh, do léiriú an spáis agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Ainmnigh agus pléigh go hachomair saothar amháin eile leis an ealaíontóir seo.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**12.** Déan cur síos agus plé ar *Faire na hOíche* le Rembrandt van Rijn (1606-1669), ***atá léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo,*** agus tú ag tagairt don téama, don chomhdhéanamh, don stíl agus d'úsáid an tsolais agus an datha.
**agus**
Ainmnigh agus pléigh go hachomair saothar amháin eile le Rembrandt.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**13.** Bhí Auguste Renoir (1841-1919) ar dhuine de na príomhealaíontóirí i ngluaiseacht an Impriseanachais. Ainmnigh agus pléigh pictiúr fíorach le Renoir, agus tú ag tagairt don chomhdhéanamh, don ábhar agus do láimhseáil an tsolais i gcás na bhfíoracha.
**agus**
Tabhair cuntas achomair ar thrí thréith de chuid phéintéireacht na nImpriseanaithe.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**14.** Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar a bhaineann le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- Pictiúr a léiríonn béile
- Féinphortráid d'ealaíontóir
- Pictiúr a léiríonn cogadh
- Pictiúr a bhfuil páistí ann
- Saothar le Damien Hirst.

(b) Pléigh go mion an saothar atá roghnaithe agat, agus tú ag tagairt don stíl, don chomhdhéanamh/dearadh, don teicníocht, don ealaíontóir agus don tréimhse ina ndearnadh é.

(c) Ainmnigh, agus déan cur síos agus plé achomair ar shampla amháin eile sa chatagóir céanna.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**15.** Déan cur síos mion ar phríomhthréithe ceann ***amháin*** de na gluaiseachtaí ealaíne seo a leanas:

- An Ciúbachas
- An Bauhaus
- Die Brücke
- An tOsréalachas

**agus**
Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe amháin le healaíontóir a bhfuil a s(h)aothar ina shampla tipiciúil den ghluaiseacht atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Tá limistéir do choisithe tar éis cur go mór na laethanta seo le sráid-dreach mórán dár mbailte agus dár gcathracha. Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do shampla sainiúil ar bith a bhfuil eolas maith agat air., Déan tagairt i do fhreagra don soilsiú, don phábháil, do na suíocháin agus don phlandú.

**agus**

Pléigh go hachomair do smaointe féin maidir le saothar ealaíne poiblí a chuirfeadh barr maise ar an gceantar seo.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**17.** An tslat tomhais is fearr chun breithiúnas a thabhairt ar thaispeántas ná caighdeán na hoibre ealaíne a bhíonn ar taispeáint agus spás an ghailearaí ealaíne féin.
Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do thaispeántas ainmnithe ar bith ar thug tú cuairt air le déanaí.

**agus**

Pléigh go mion dhá shaothar shainiúla ón taispeántas seo.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**18.** Tá an-éileamh ar scannáin bheochana mar Shrek, Finding Nemo, Ratatouille agus Wall-E. a rinneadh le déanaí i stiúideonna Pixar agus Dreamworks
Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do **dhá radharc** as **ceann amháin** de na scannáin bheochana seo.

**agus**

Pléigh go hachomair na teicníochtaí scannánaíochta faoi deara na radhairc seo a bheith chomh tarraingteach sin don tsúil.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**19.** Mar chultúr tomhaltais buailimid le han-chuid brandaí sainiúla gach uile lá. Pléigh an ráiteas seo maidir le dearadh pacáistithe, agus ainmnigh dhá shampla a n-éiríonn go rímhaith leo, dar leat.

**agus**

Pléigh go hachomair dearadh de do chuid féin a chuirfeadh feabhas ar cheann amháin de na pacáistí atá roghnaithe agat.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**20.** Go traidisiúnta, is í an dealbhóireacht an fhoirm is feiceálaí den ealaín phoiblí a fheicimid.
Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt don phíosa dealbhóireachta ***atá léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo.***

**agus**

Déan cur síos agus plé ar shampla ar bith de dhealbhóireacht phoiblí a bhfuil eolas maith agat air i do cheantar féin agus tú ag tagairt don ealaíontóir, do na meáin, don ábhar agus don láthair/suíomh.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**